C/2024/6589

25.10.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

(C/2024/6589)

Dírítear aird Ismaël WAGUÉ (uimhir 2), Choguel MAÏGA (uimhir 3) agus Ibrahim Ikassa MAÏGA (uimhir 4), daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite, bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna. Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, **roimh an 1 Samhain 2024**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

(1) IO L 251, 29.9.2017, lch. 23.
(2) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.